Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin
Ár bPlean Digiteach

1. Réamhrá

Déantar taifead ar na torthaí d'ár bplean digiteach, ina measc ár spriocanna agus na gníomhartha atá le tógaint chun na spriocanna seo a bhaint amach sa doiciméid seo.

Is é cuspóir an Phlean Dhigitigh seo treoir shoiléir a chur ar fáil maidir le húsáid na teicneolaíochta sa scoil le tacú le teagasc, foghlaim agus bainistíocht. Tá an plean seo ailínithe leis an gCreat Foghlama Digití agus leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna.

1.1 Socruithe Scoile:

Is iarbhunscoil comhoideachasúil, ilchreidmheach é Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, atá ag feidhmiú faoi phátrún Bhóird Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Freastalaíonn sé ar phobal Charraig Uí Leighin agus ar phobal an cheantair mháguaird ar mian leo a n-oideachas a fháil trí mheán an Gaeilge. Léirímid meas ar dhaltaí an uile chreidimh agus orthu sin gan é. Tugtar tacaíocht agus dúshlán don uile dalta faoinár gcúram barr a gcumas acadúil, pearsanta, sóisialta agus móralach a bhaint amach i dtimpeallacht lán-Ghaelach. Is timpeallacht fhoghlama ar leith sinn, atá fíor-bhródúil as ár dteanga, ár gcultúr agus as luachanna ár scoile.

1.2 Fís na Scoile:

'Sí an fhoghlaim bunchloch Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tugtar tacaíocht agus dúshlán don uile dalta faoinár gcúram barr a gcumas acadúil, pearsanta, sóisialta agus mórálach a bhaint amach i dtimpeallacht lán-Ghaelach ina dtugtar tús áite do mheas, cothromaíocht agus ionracas.

1.3 Cur síos ar úsáid an TFC sa scoil go dtí seo:

- Tá iPad ag gach dalta (1:1), le cúntas gmail scoile ar leith ag gach dalta. Baintear úsáid as G-Suite, Classrooms agus Drive ach go háirithe go laethúil chun eolas, nótaí agus teachtaireachtaí inmheánacha a roinnt.
- Tá teilgeoir le Apple TV i ngach seomra ranga. Baintear úsáid astu gach lá chun obair a theilg óna iPadanna ar na

clár bán. •

• Is é Tyro an MIS scoile agus beidh traenáil faighte ag gach éinne ar conas é a úsáid.

• Tá rochtain ag gach ball fóirne ar chúntas Adobe.

2. Fócais ár bPlean Digiteach

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Digiteach seo chun a chinntiú go bhfuil sé nuashonraithe agus ailínithe leis an gCreat Foghlama Digití agus leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Cuireadh fo-choiste le chéile le hionadaíocht ó réimse leathan ábhair chun tacú leis an bpróiseas seo. Ceann de na príomhspriocanna ná an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní digiteacha na scoile, lena n-áirítear an deontas digiteach, chun tacú le teagasc, foghlaim agus bainistíocht.

2.1 Roghnaíodh na Toise agus na Réimse seo a leanas ón gCreat Digiteach Násiúnta

● Ceannaireacht agus Bainistiú, An Eagraíocht a Bhainistiú, Forbairt na Scoile a Threorú

2.2 Roghnaíodh na Caighdeáin agus na Ráitisí seo a leanas ón gCreat Dhigiteach Náisiúnta

Caighdeán	Ráiteas
Timpeallacht foghlama atá eagraithe, sábháilte agus sláintiúil a chur ar bun, agus an timpeallacht sin a chothú trí chumarsáid éifeachtach	Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil maoirseacht ar bheartais, nósanna imeachta agus cosaintí cuí agus ábhartha a chur i bhfeidhm, a chur in iúl agus a athbhreithniú maidir le cosaint phríobháideacht an duine aonair, na rúndachta agus úsáid shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí le haghaidh gach aon duine de phobal na scoile.

Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú	Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, pleanáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach. Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil achmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard. Rinneadh spásanna foghlama fisiciúla a dhearadh nó a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha agus an úsáid sin a bharrfheabhsú, chun go mbeidh rochtain ar réimse leathan uirlisí digiteacha ábhartha, ábhair agus seirbhísí i suíomhanna foghlama ar féidir iad a chumrú ar bhealach solúbtha.

Fís threorach na scoile a chur in iúl, agus cur i gcrích na físe sin a stiúradh	Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide fís in iúl ina leabaítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, faoi mar atá léirithe sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Tá próisis chuí i bhfeidhm ag an scoil seo chun an fhís a chur in iúl go hinmheánach agus go seachtrach maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha agus na tairbhí a bhaineann leis sin.

2.3. Is iad seo na láidreachtaí atá againn ó thaobh an TFC de

- Tá daltaí agus múinteoirí an-chumasach ar conas G-Suite a úsáid.
- Tá go leor saineolas ó thaobh iPadanna de ar an bhfoireann, agus tá daoine sásta a saineolas a roinnt
- Tá na háiseanna is nua-aimsearaí againn sa foirgneamh nua.
- Faighimid an-chuid tacaíocht ó BhOOC le TFC a chur chun cinn.
- Tá múinteoirí tar éis oiliúint a fháil ar úsáid acmhainní Intleachta Saorga (AI) agus tá siad ag tosú ar iad a úsáid mar thacaíocht i bpleanáil

agus i dteagasc.

2.4 Is iad seo na céimeanna a thógfaimid chun feabhas a chur lenár gcleachtas dhigiteach

Chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta sa scoil, tá sé i gceist againn:
Cleachtas agus Foghlaim

- Úsáid na teicneolaíochta digití a neartú i dteagasc agus i bhfoghlaim.
- Tacaíocht agus oiliúint bhreise a chur ar fáil do mhúinteoirí.
- Cur chuige comhsheasmhach scoile a fhorbairt maidir le húsáid na teicneolaíochta.
- Úsáid Intleachta Saorga (AI) a fhorbairt ar bhealach sábháilte agus freagrach.
- Buailfidh an Coiste Digiteach le chéile uair sa téarma chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean agus chun forbairtí a phlé.

Bonneagar agus Trealamh

- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar riachtanais trealaimh dhigiteach na scoile
- Infheistíocht spriocdhírithe a dhéanamh i dtrealamh ranga chun tacú le teagasc agus foghlaim
- Rochtain ar ghléasanna digiteacha a fheabhsú do dhaltaí de réir riachtanas
- Trealamh a chur ar fáil chun cruthú ábhair dhigiteach a éascú (fuaim, físeán, srl.)
- Bonneagar líonra agus nascachta na scoile a fheabhsú nuair is gá.
- Gléasanna iPad ar iasacht a chur ar fáil do dhaltaí nuair atá deisiúcháin á ndéanamh ar a gcuid gléasanna féin
- Athnuachan a dhéanamh ar iPadanna na múinteoirí agus ar a gcuid gabhálais de réir a chéile de réir riachtanais.

2.4.1 Forbairtí Curtha i gCrích

● Córas Fuaime Lárnach a chur isteach sa Halla Spóirt
● Córas Taifeadta Dhigiteach a chur sa Leabharlann
● Córas Podchraoladh a cheannach chun deiseanna foghlama nua a thabhairt dos na daltaí

2.5 Úsáid Intleachta Saorga (AI)

Aithníonn Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin an ról atá ag Intleacht Shaorga (AI) i saol an oideachais agus sa tsochaí i gcoitinne. Tá sé mar aidhm againn úsáid AI a fhorbairt ar bhealach sábháilte, freagrach agus éifeachtach chun tacú le teagasc agus foghlaim.
Tá úsáid AI sa scoil fós ag céim forbartha. Tá oiliúint faighte ag múinteoirí ar úsáid acmhainní AI, agus tá tús curtha le húsáid na n-uirlisí seo mar thacaíocht i bpleanáil agus i dteagasc.

Cur Chuige na Scoile

Beidh úsáid AI sa scoil:

- Dírithe ar thacú le foghlaim agus le forbairt scileanna na ndaltaí, seachas iad a athsholáthar
- Ailínithe leis na polasaithe scoile atá ann cheana, lena n-áirítear an Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP), an Cód Iompair, an Polasaí Frithbhulaíochta (Bí Cineálta) agus an Polasaí Cosanta Sonraí
- Bunaithe ar phrionsabail na freagrachta, na trédhearcachta agus na measúnachta
- Ní ghlactar le húsáid AI ar bhealach a chuireann isteach ar fhoghlaim neamhspleách na ndaltaí.

Úsáid AI sa Scoil

Múinteoirí

- Is féidir le múinteoirí AI a úsáid mar uirlis chun tacú le pleanáil, difreáil agus cruthú acmhainní
- Caithfear aschur AI a mheas agus a sheiceáil sula n-úsáidtear é sa teagasc

Daltaí

- Is féidir le daltaí AI a úsáid mar thacaíocht don fhoghlaim
- Caithfidh daltaí a bheith in ann a gcuid oibre a mhíniú agus a thuiscint
- Ní ghlactar le hobair a chuirtear isteach gan tuiscint phearsanta

Treoirlínte maidir le hÚsáid AI

- Níor chóir sonraí pearsanta a roinnt le huirlisí AI
- Ba chóir feasacht a bheith ag úsáideoirí ar theorainneacha agus ar chlaontacht AI
- Caithfear úsáid AI a dhéanamh ar bhealach eiticiúil agus freagrach

Pleanáil agus Forbairt

Déanfar:

- Tacaíocht agus oiliúint leanúnach a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le húsáid AI
- Treoirlínte scoile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le húsáid AI
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar úsáid AI sa scoil

• Litearthacht AI a fhorbairt i measc daltaí

Tá an cur chuige seo ailínithe leis an treoir náisiúnta a chuir Oide ar fáil maidir le húsáid fhreagrach Intleachta Saorga i scoileanna.

3. Ár bPlean Dhigiteach

Ar an gcéad leathnach eile, tá taifead déanta againn ar na nithe seo a leanas;

● Na **spriocanna** atá lagtha amach againn

● Na **céimeanna** a thógfar chun na spriocanna seo a bhaint amach

● **Cé a bheidh freagrach as an bplean a chur i bhfeidhm, a bhainistiú agus as athbhreithniú a dhéanamh air** ● Conas a thomhasfar ár **ndul chun cinn** agus na **torthaí** a thomhas

De réir mar a chuirfimid ár bplean i bhfeidhm, déanfar taifead ar;

● An **dul chun cinn** atá déanta, na **leasaithe** a rinneadh, agus **cathain** a rinneadh na leasaithe seo ● **Spriocanna a bhaineadh amach** agus **cathain**

Plean Gníomhartha Foghlam Dhigiteach

Réimse: Ceannaireacht agus Bainistiú
Caighdeáin: Timpeallacht foghlama atá eagraithe, sábháilte agus sláintiúil a chur ar bun, agus an timpeallacht sin a chothú trí chumarsáid éifeachtach
Ráitisí: Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil maoirseacht ar bheartais, nósanna imeachta agus cosaintí cuí agus ábhartha a chur i bhfeidhm, a chur in iúl agus a athbhreithniú maidir le cosaint phríobháideacht an duine aonair, na rúndachta agus úsáid shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí le haghaidh gach aon duine de phobal na scoile.

Spriocanna: Chun tacú le timpeallacht foghlama dhigiteach éifeachtach a chothú.				
(Cad a dhéanfar?)	(Cathain a dhéanfar é?)	(Cé a dhéanfaidh é?)	(Cad iad na torthaí atá uainn?)	(Cad iad na hachmhainní a bheidh ag teastáil?)
Gach iPad a chur faoi MDM na scoile Úsáid shábháilte agus fhreagrach gléasanna digiteacha a chinntiú. Treoirlínte scoile a fhorbairt maidir le húsáid Intleachta Saorga (AI)	Go leanúnach Go leanúnach Go leanúnach	Gary Ó Céilleachair Bainistíocht na scoile Bainistíocht na scoile	Nách mbeidh daltaí ábalta aipeanna a chur ar an iPad nách mbaineann leis an bhfoghlam. Go mbeidh laghdú ar fhadhbanna bainistíochta gléasanna. Go mbeidh tuiscint shoiléir ag múinteoirí agus daltaí ar úsáid chuí AI	MDM (Córas Bainistíochta) Polasaithe scoile (AUP, Cód Iompair, srl.) Treoirlínte, FGL agus acmhainní AI

Modhanna Measúnachta: (Conas atá ag éirí linn? An bhfuil gá leis an bplean a leasú? An bhfuil ár spriocanna á bhaint amach againn?)
• Taifead a choimeád ar an méid fadhbanna a bhaineann le iPadanna • Aiseolas ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí • Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm treoirlínte AI
Réimse: An Eagraíocht a Bhainistiú
Caighdeáin: Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú

Ráitisí: Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, pleanáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.
Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard. Rinneadh spásanna foghlama fisiciúla a dhearadh nó a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha agus an úsáid sin a bharrfheabhsú, chun go mbeidh rochtain ar réimse leathan uirlisí digiteacha ábhartha, ábhair agus seirbhísí i suíomhanna foghlama ar féidir iad a chumrú ar bhealach solúbtha.

Spriocanna:

1. Go mbeidh árdán ar leith ar fáil do gach ball do phobal na scoile chun achmhainní, obair ranga, obair bhaile agus tionscnamh a roinnt lena chéile. 2.Go mbeidh córas éifeachtach taifeadta ar fáil don leabharlann ionas go bhfeidhmeoidh sé ag an leibhéal is airde agus go féidir.

(Cad a dhéanfar?)	(Cathain a dhéanfar é?)	(Cé a dhéanfaidh é?)	(Cad iad na torthaí atá uainn?)	(Cad iad na hachmhainní a bheidh ag teastáil?)
Forbairt agus fás a chur le úsáid G-Suite na scoile	Go bliantúil	Gary Ó Céilleachair	Go mbeidh gach ball fóirne agus dalta ina gcomórd le G-Suite.	Cúntas G-Suite ag gach ball fóirne Traenáil ag tús na bliana do gach ball fóirne nua.
Córas Taifeadta Leabharlainne a chur i bhfeidhm sa scoil	Go bliantúil	Clíodhna Ní Uirc	Go mbeidh córas leabharlainne nua aimseartha agus éifeachtach againn sa scoil	Córas scanála Traenáil dóibh siúd a bheidh ag obair sa Leabharlann.
Cur chuige comhsheasmhach scoile a fhorbairt maidir le húsáid ardán digiteach	Laistigh de bhliain amháin	Bainistíocht na scoile	Go mbeidh úsáid chomhsheasmhach ag múinteoirí ar ardáin dhigiteacha.	Treoirlínte scoile Am cruinnithe foirne

Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar riachtanais teicneolaíochta agus trealaimh na scoile	Go bliantúil	Bainistíocht Coiste Digiteach	Go mbeidh cinntí infheistíochta bunaithe ar riachtanais teagaisc agus foghlama	Am cruinnithe, Aiseolas ón bhfoireann
Úsáid uirlisí digiteacha, lena n-áirítear AI, a chur chun cinn chun tacú le bainistíocht agus cumarsáid	Go leanúnach	Bainistíocht	Go mbeidh úsáid chuí agus éifeachtach á baint as uirlisí digiteacha, lena n-áirítear AI	Traenáil Treoirlínte scoile

Modhanna Measúnachta:
(Conas atá ag éirí linn? An bhfuil gá leis an bplean a leasú? An bhfuil ár spriocanna á bhaint amach againn?)

- An bhfuil an Leabharlann ag feidhmiú i gceart?
- An bhfuil daltaí agus múinteoirí ag baint úsáid as?
- An bhfuil scileanna ceannaireachta na ndaltaí atá i bhfeighil ar an Leabharlann ag dul i bhfeabhas?
- Aiseolas ó mhúinteoirí maidir le comhsheasmhacht i húsáid ardán digiteach
- Plé ag cruinnithe foirne ar riachtanais teicneolaíochta agus ar úsáid trealaimh
- Athbhreithniú ar úsáid uirlisí digiteacha, lena n-áirítear AI, i mbainistíocht agus i gcumarsáid

Réimse: Forbairt na Scoile a Threorú
Caighdeáin: Fís threorach na scoile a chur in iúl, agus cur i gcrích na físe sin a stiúradh
Ráitisí: Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide fís in iúl ina leabaítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, faoi mar atá léirithe sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Tá próisis chuí i bhfeidhm ag an scoil seo chun an fhís a chur in iúl go hinmheánach agus go seachtrach maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha agus na tairbhí a bhaineann leis sin.
Spriocanna: Go mbeidh deiseanna ann do gach ball foirne dul chun cinn agus foghlam a dhéanamh ó thaobh na teicneolaíochta de, agus a bheith i gcónaí suas chun dáta leis an teicneolaíocht

(Cad a dhéanfar?)	(Cathain a dhéanfar é?)	(Cé a dhéanfaidh é?)	(Cad iad na torthaí atá uainn?)	(Cad iad na hachmhainní a bheidh ag teastáil?)
Fís na scoile ó thaobh na teicneolaíochta de a chur chun cinn. Deiseanna a chur ar fáil do dhaoine a scileanna teicneolaíochta a fhorbairt Deiseanna forbartha gairmiúla leanúnach (FGL) a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le húsáid na teicneolaíochta digiteach	● Go bliantúil	Donnchadh Ó Cróinín, Orla de Bhailís, Gary Ó Céilleachair, Bernadette Ní Choscraigh Bainistíocht na scoile An Coiste Digiteach	An bhfuil daoine ag glacadh páirt in FGL sa Teicneolaíocht? Go mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach ag múinteoirí i FGL	Traenáil inmheánach agus seachtrach ar úsáid iPadanna, bogearraí a úsáidtear agus na hárdáin éagsúil atá i bhfeidhm sa scoil Traenáil inmheánach agus seachtrach Am cruinnithe

• Tacú le múinteoirí muinín a fhorbairt maidir le húsáid na teicneolaíochta ina gcuid teagaisc		• An Coiste Digiteach • Ceannairí Ábhair	● Go mbeidh méadú ar úsáid éifeachtach na teicneolaíochta i ranganna	● Tacaíocht piaraí Samplaí dea-chleachtais
• Dea-chleachtas a roinnt i measc na foirne maidir le húsáid na teicneolaíochta digití		● Múinteoirí ● An Coiste Digiteach	● Go mbeidh níos mó comhoibriú idir múinteoirí maidir le húsáid na teicneolaíochta	Cruinnithe foirne Ardáin dhigiteacha
Úsáid uirlisí Intleachta Saorga (AI) a iniúchadh agus a chomhtháthú sa teagasc agus sa bhfoghlaim nuair is cuí		● An Coiste Digiteach ● Múinteoirí	● Go mbeidh úsáid chuí agus éifeachtach AI le feiceáil i bpleanáil agus i dteagasc	● Traenáil ar AI Treoirlínte scoile
• Deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí teicneolaíocht dhigiteach a úsáid go gníomhach ina		● Múinteoirí	● Go mbeidh rannpháirtíocht níos mó ag daltaí i bhfoghlaim trí úsáid na teicneolaíochta.	● Gléasanna digiteacha Acmhainní foghlama

bhfoghlaim				

Clinicí teicneolaíochta míosúla a eagrú chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do mhúinteoirí	Uair sa Mhí	Joe De Nuinseann	Go mbeidh méadú ar mhuinín na múinteoirí maidir le húsáid na teicneolaíochta	
Modhanna Measúnachta: (Conas atá ag éirí linn? An bhfuil gá leis an bplean a leasú? An bhfuil ár spriocanna á bhaint amach againn?)				
• Leibhéal rannpháirtíochta i FGL • Aiseolas ó mhúinteoirí maidir lena muinín agus lena n-úsáid teicneolaíochta • Samplaí de chleachtas sa seomra ranga • Plé ag cruinnithe foirne ar úsáid agus ar fhorbairt na teicneolaíochta • Athbhreithniú ar úsáid AI i gcomhthéacs an teagaisc agus na foghlama				